



An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2023  
(OR. en)

10478/23

ENV 672  
COMPET 608  
MI 508  
AGRI 314  
IND 308  
CONSOM 225  
ENT 131

## NÓTA CLÚDAIGH

|                           |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
|---------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                        | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |
| dáta a fuarthas:          | 8 Meitheamh 2023                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |
| chuig:                    | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 304 final                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| Ábhar:                    | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN lena sainaithearnáil na Ballstáit atá i mbaol gan sprioc 2025 a chomhlíonadh maidir le hullmhú dramhaíola cathrach lena hathúsáid agus maidir lena hathchúrsáil, agus sprioc 2025 maidir dramhaíl ó phacáistíocht a athchúrsáil agus sprioc 2035 maidir le líonadh talún le dramhaíl cathrach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 304 final.

Faoi iamh: COM(2023) 304 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2023  
COM(2023) 304 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN  
gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA  
AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**lena sainaithnítear na Ballstáit atá i mbaol gan sprioc 2025 a chomhlíonadh maidir le  
hullmhú dramhaíola cathrach lena hathúsáid agus maidir lena hathchúrsáil, agus sprioc  
2025 maidir dramhaíl ó phacáistíocht a athchúrsáil agus sprioc 2035 maidir le líonadh  
talún le dramhaíl cathrach**

{SWD(2023) 175 final} - {SWD(2023) 176 final} - {SWD(2023) 180 final} -  
{SWD(2023) 181 final} - {SWD(2023) 182 final} - {SWD(2023) 183 final} -  
{SWD(2023) 184 final} - {SWD(2023) 185 final} - {SWD(2023) 186 final} -  
{SWD(2023) 187 final} - {SWD(2023) 188 final} - {SWD(2023) 189 final} -  
{SWD(2023) 195 final} - {SWD(2023) 196 final} - {SWD(2023) 197 final} -  
{SWD(2023) 198 final} - {SWD(2023) 199 final} - {SWD(2023) 200 final}

## 1. RÉAMHRÁ

Is cuid fhíor- riachtanach de gheilleagar ciorclach é dramhaíl a thiontú ina hacmhainní. Baineann cur chun feidhme cuí reachtaíocht an Aontais maidir le dramhaíl le hord na réiteach dramhaíola a chur i bhfeidhm, rud lena dtugtar tosaíocht d'ullmhúchán don athúsáid agus don athchúrsáil agus lena gcuirtear an líonadh talún mar an rogha cóireála dramhaíola is lú fabhar. Bunaíodh spriocanna an Aontais maidir le dramhaíl chathrach agus dramhaíl ó phacáistíocht a chóireáil chun a áirithiú go ndéanfar iarrachtaí comhbheartaithe i ngach Ballstát chun dul chun cinn a dhéanamh in ord na réiteach dramhaíola.

Ach an fheidhmíocht maidir le bainistiú dramhaíola a fheabhsú cuirfear dlús leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, agus cuirfear le cuspóirí an phlean gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche<sup>1</sup>, chun ráta úsáide ábhair chiorclaigh an Aontais a dhúbailt, giniúint iomlán dramhaíola a laghdú go suntasach agus méid na dramhaíola cathrach iarmharaí a laghdú faoina leath faoi 2030. Ina theannta sin, tá bainistiú fóna dramhaíola fíor- riachtanach chun tionchar diúltach giniúna dramhaíola ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte a chosc, agus chun spriocanna an phlean gníomhaíochta um thruailliú nialasach a bhaint amach maidir le<sup>2</sup> dramhaíl agus bruscar muirí.

Tá méadú ar ullmhúchán don hathúsáid agus ar an athchúrsáil agus laghdú ar líonadh talún ríthábhachtach chun aeráidneodracht a bhaint amach, slándáil an tsoláthair amhábhbar a mhéadú, fuinneamh a shábháil, agus spleáchais an Aontais ar allmhairí ó thríú tíortha a laghdú, agus chun poist áitiúla a chruthú agus borradh a chur faoin nuálaíocht i dteicneolaíochtaí nua le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus bainistiú ábhar.

D'fhoilligh na uailmhian an Aontais a léiriú ar bhealach níos fearr, is é sin bogadh chuig geilleagar ciorclach, glacadh le roinnt leasaithe in 2018 ar threoracha de chuid an Aontais maidir le dramhaíl, lena n-áirítear spriocanna uailmhianacha maidir le hullmhú d'athúsáid, athchúrsáil agus líonadh talún dramhaíola cathrach mar aon le hathchúrsáil dramhaíola ó phacáistíocht. Is éard atá sa dramhaíl chathrach 10 % den dramhaíl iomlán a ghintear san Aontas<sup>3</sup>, ach tá sí ar cheann de na sruthanna is casta a bhainistiú mar gheall ar a comhdhéanamh éagsúil, an líon mór táirgeoirí atá aici agus ilroinnt na bhfreagrachtaí maidir lena bainistiú. Tá cuid mhór dramhaíola cathrach comhdhéanta de dhramhaíl ó phacáistíocht, a bhfuil acmhainneacht shuntasach chiorclaíochta aici.

Chun a áirithiú go gcuirfear na hoibleagáidí chun feidhme ar bhonn níos fearr, níos tráthúla agus níos aonfhoirmí agus chun aon laigí sa chur chun feidhme a réamh- mheas, le rialacha an Aontais a glacadh in 2018 bunaíodh córas de thuarascálacha luathrabhaidh chun easnaimh a bhrath agus chun bheith in ann gníomhaíocht a dhéanamh roimh na sprioc-amanna chun na spriocanna a bhaint amach. Faoi na rialacha sin, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, tuarascálacha a tharraingt suas maidir le dul chun cinn na mBallstát i leith bhaint amach na spriocanna.

Déantar measúnú sa tuarascáil fhoriomlán seo ar dhóchúlacht go gcomhlíonfaidh na Ballstát spriocanna 2025 mar a leagtar amach in Airteagal 11(2)(c) de Threoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl (an Treoir Réime Dramhaíola)<sup>4</sup> agus in Airteagal 6(1)(f) de Threoir 94/62/CE

---

<sup>1</sup> COM(2020) 98 final.

<sup>2</sup> COM(2021) 400 final.

<sup>3</sup> Eurostat

<sup>4</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A02008L0098-20180705>

maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (an Treoir maidir le Pacáistíocht<sup>5</sup>). Leis na spriocanna sin, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun an méid seo a leanas ar a laghad a bhaint amach:

- 55 % den dramhaíl chathrach a ullmhú lena hathúsáid agus a athchúrsáil,
- 65 % den dramhaíl fhoriomlán ó phacáistíocht a athchúrsáil, agus
- spriocanna athchúrsála a bhaineann go sonrach le hábhar maidir le dramhaíl ó phacáistíocht, is iad sin 75 % le haghaidh páipéir agus cairtchláir, 70 % le haghaidh gloine, 50 % le haghaidh alúmanaim, 50 % le haghaidh plaistigh agus 25 % le haghaidh adhmaid.

Soláthraítear leis an tuarascáil réamh-mheasúnú ar dhóchúlacht go mbainfidh Ballstáit amach na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 5(5) de Threoir 1999/31/CE maidir le líonadh talún le dramhaíl (an Treoir maidir le Líonadh Talún), chun líonadh talún le dramhaíl chathrach a laghdú<sup>6</sup> go dtí níos lú na 10 % faoi 2035. Tugtar achoimre sa tuarascáil ar phríomhthorthaí, príomh- mholtaí do Bhallstáit atá i mbaol nach mbainfidh siad amach spriocanna dramhaíola áirithe, agus samplaí de dhea- chleachtais maidir le bainistiú dramhaíola beartaithe chun cuidiú le feidhmíocht athchúrsála dramhaíola a fheabhsú. Comhlánaítear é sin le doiciméid inmheánacha oibre ina bhfuil faisnéis thír- shonrach agus moltaí do na Ballstáit sin atá i mbaol gan spriocanna athchúrsála 2025 a bhaint amach maidir le hullmhú dramhaíola cathrach agus gach dramhaíola ó phacáistíocht lena n-athúsáid agus maidir lena n-athchúrsáil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- meastachán ar bhaint amach na spriocanna ag gach Ballstát;
- liosta na mBallstáit atá i mbaol nach gcomhlíonfaidh siad na spriocanna laistigh de na dátaí deiridh faoi seach, a mbeidh moltaí iomchuí do na Ballstáit lena mbaineann i gceangal leis; agus
- samplaí de dhea- chleachtais a úsáidtear ar fud an Aontais agus a d'fhéadfadh treoraíocht a thabhairt maidir le dul chun cinn a dhéanamh ionsar bhaint amach na spriocanna.

Tá an obair a rinneadh chun críocha na tuarascála luathrabhaidh seo ina fhorbairt ar an tacaíocht agus comhar leanúnach idir an Coimisiún agus Ballstáit maidir le feabhas a chur ar chur chun feidhme reachtaíocht dramhaíola an Aontais. Tar éis cleachtaí cur chun cinn comhlíontachta a thosaigh in 2013<sup>7</sup>, d'eisigh an Coimisiún Eorpach in 2018 sraith tuarascálacha maidir le dúshlán i dtaca le dul chun cinn agus cur chun feidhme a bhaineann le roinnt sruthanna dramhaíola<sup>8</sup> ina raibh gníomhaíochtaí féideartha chun tacú le hiarrachtaí Ballstát feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht bainistithe dramhaíola<sup>9</sup>. Anuas air sin, ó 2017 i leith foilsíonn an Coimisiún Eorpach Athbhreithniú um Chur Chun Feidhme Comhshaoil (CGC) go tráthrialta, uirlis a dearadh chun feabhas a chur ar chur chun feidhme dlíthe agus beartais comhshaoil an Aontais ag na Ballstáit. Eisíodh an CGC is déanaí in 2022<sup>10</sup>.

<sup>5</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/ALL/?uri=celex%3A31994L0062>

<sup>6</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?uri=CELEX%3A31999L0031>

<sup>7</sup> [Treoir Réime Dramhaíola a Chur Chun Feidhme \(europa.eu\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?uri=CELEX%3A31999L0031)

<sup>8</sup> COM(2018) 656 final.

<sup>9</sup> [https://environment.ec.europa.eu/topics/waste-and-recycling/implementation-waste-framework-directive\\_en](https://environment.ec.europa.eu/topics/waste-and-recycling/implementation-waste-framework-directive_en)

<sup>10</sup> [https://environment.ec.europa.eu/law-and-governance/environmental-implementation-review\\_en#country-reports](https://environment.ec.europa.eu/law-and-governance/environmental-implementation-review_en#country-reports)

## 2. MODHEOLAÍOCHT

Is ann don tuarascáil seo de thoradh comhairliúcháin agus comhoibrithe fhorleathain idir an Coimisiún Eorpach, an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Eurostat agus na Ballstáit. Bunaíodh an measúnú ar mhodheolaíocht a d'fhorbair an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, modheolaíocht inar glacadh mar thúsphointe na sonraí bainistithe dramhaíola a chuir na Ballstáit faoi bhráid Eurostat i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe faoi na teoracha dramhaíola, agus ina ndearnadh measúnú ar bheartais atá ann faoi láthair agus beartais atá beartaithe ar an leibhéal náisiúnta agus faisnéis ábhartha eile. Breithníodh ann freisin ar chláir náisiúnta um chosc ar dhramhaíl athbhreithnithe a ghlacadh, rud a cheanglaítear leis an Treoir Réime Dramhaíola.

D'fhág an measúnú sin gurbh fhéidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil<sup>11</sup> na Ballstáit a shainathint ar dócha nach gcomhlíonfaidh siad na spriocanna. Phléigh an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit lena mbaineann torthaí an mheasúnaithe sin a thuilleadh; dá thoradh sin bhíodas in ann faisnéis bhreise a bhailiú agus cuireadh an tuarascáil i gcrích i ngeall air. Baineadh úsáid as glao ar fhianaise chun eolas a thabhairt faoin tionscnamh agus tuairimí páirtithe leasmhara a bhailiú<sup>12</sup>.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar na sonraí Eurostat is déanaí a bhí ar fáil ag céim ullmhúcháin na tuarascála. Baineadh úsáid as sonraí don bhliain tagartha 2020 le haghaidh dramhaíl chathrach ach baineadh úsáid as sonraí 2019 le haghaidh dramhaíl ó phacáistíocht. Maidir le pacáistíocht, tá sonraí níos déanaí le haghaidh 2020 le fáil anois agus léirítear réamh- mheasúnú dá n- ábharthacht do chonclúidí na tuarascála i Roinn 5.

## 3. TORTHAÍ FORIOMLÁNA

Sainaithníodh le hanailís ar fheidhmíocht Ballstát na treochtaí ginearálta i mbainistiú dramhaíola agus léiríonn sí an dóchúlacht maidir leis na spriocanna i dtaca hullmhú dramhaíola lena hathúsáid agus i dtaca lena hathchúrsáil a bhaint amach faoi 2025.

Tá athchóirithe dramhaíola curtha i gcrích ag tromlach na mBallstát le déanaí nó tá siad i mbun a gcur chun feidhme a mbeidh rátaí athchúrsála méadaithe dá dtoradh sna blianta go dtí 2025 agus ina dhiaidh sin. Bhí ról ábhartha ag cur chun feidhme phacáiste dramhaíola 2018 agus na moltaí a eisíodh i dTuarascáil Luathrabhaidh 2018 maidir le dul chun cinn a bhaint amach. I gcásanna áirithe áfach, tá moilleanna ina gcur i bhfeidhm ag déanamh difear d'fheidhmíocht athchúrsála náisiúnta.

Tá éagsúlachtaí suntasacha fós i bhfeidhmíocht bainistithe dramhaíola ar fud na mBallstát. Tá achar an- mhór ó na spriocanna maidir le roinnt tíortha agus beidh gá ann le hiarrachtaí níos mó chun na hathchóirithe a chur chun feidhme ar an láthair (e.g. a mhéid a bhaineann le cóireáil bithdhramhaíola, bailiú ar leithligh, cáiliúocht sonraí, etc.). Tá fianaise ann freisin go raibh tionchar ag tosca seachtracha ar fheidhmíocht, mar shampla le linn phaindéim COVID-19 laghdaíodh nó gur cuireadh stad le bailiú ar leithligh i roinnt Ballstát. Tugtar le fios freisin go bhfuil tionchar díobhálach ag an méadú ar phraghsanna fuinnimh le déanaí ar ghníomhaíochtaí athchúrsála.

---

<sup>11</sup><https://www.eea.europa.eu/publications/many-eu-member-states-are>

<sup>12</sup>[https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13511-Early-Warning-Report-on-Waste\\_en](https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13511-Early-Warning-Report-on-Waste_en)

Tríd is tríd, de réir an mheasúnaithe a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil<sup>13</sup>, **tá tromlach na mBallstát i mbaol gan na spriocanna maidir le hullmhú dramhaíola cathrach lena hathúsáid agus maidir lena hathchúrsáil a bhaint amach le haghaidh 2025.**

Go sonrach, maidir leis an sprioc 55 % de dhramhaíl chathrach a ullmhú lena hathúsáid agus í a athchúrsáil agus 65 % de gach dramhaíl ó phacáistíocht a athchúrsáil atá le baint amach faoi 2025:


- **Tá 9 mBallstát ar an mbóthar ceart an dá sprioc a bhaint amach** – an Ostair, an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSlóivéin;
- **Tá 8 mBallstát i mbaol gan an sprioc maidir le dramhaíl chathrach amháin a chomhlíonadh**, ach níl siad i mbaol maidir leis an sprioc i dtaca le gach dramhaíl ó phacáistíochta a chomhlíonadh – an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, Éire, an Laitvia, an Phortaingéil, an Spáinn agus an tSualainn;
- **Tá 10 mBallstát i mbaol gan an dá sprioc maidir le dramhaíl chathrach) agus gach dramhaíl ó phacáistíocht a chomhlíonadh le haghaidh 2025** – an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Ghréig, an Ungáir, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic.

Tá doiciméid inmheánacha oibre ag gabháil leis an tuarascáil luathrabhaidh sin le haghaidh na mBallstát a mheastar a bheith i mbaol gan ceann amháin ar a laghad de na príomhspríocanna a bhaint amach (an sprioc 55 % den dramhaíl chathrach a ullmhú lena hathúsáid agus í a athchúrsáil agus an sprioc 65 % de gach dramhaíl ó phacáistíocht a athchúrsáil atá le baint amach faoi 2025); comhfhreagraíonn an méid sin don dara agus don tríú grúpa Ballstát a liostaítear thuas<sup>14</sup>. Gach Ballstát atá i mbaol gan an sprioc maidir le gach dramhaíl ó phacáistíocht a bhaint amach, tá siad i mbaol freisin gan an sprioc maidir le dramhaíl chathrach a bhaint amach.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, maidir le hardfheidhmíocht a bhaint amach i dtaca le hathúsáid, ullmhú d'athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola, gur gá iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh sna Ballstáit a sainaithníodh a bheith i mbaol gan spriocanna 2025 a bhaint amach agus sna Ballstáit sin ar léirigh an measúnú ina leith gur dócha go mbainfear amach iad cé gur gá dul chun cinn déanamh. Ós rud é gur minic a bhíonn dúshlán nua ann a bhaineann le bainistiú cuí dramhaíola a áirithiú i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, maidir leis na tíortha sin a bhfuil rátaí ullmhúcháin d'athúsáid agus athchúrsála bainte amach acu os cionn spriocanna 2025 in 2019 agus 2020, ní mór dóibh beartais a shaothrú chun leibhéil feidhmíochta a choimeád agus a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na rialacha nua ríofa le haghaidh athchúrsála. Ba cheart iarrachtaí breise a dhéanamh chun spriocanna athchúrsála a bhaineann go sonrach le hábhar a bhaint amach, go háirithe maidir le pacáistíocht phlaisteach.

<sup>13</sup><https://www.eea.europa.eu/publications/many-eu-member-states-are>

<sup>14</sup> Cuirtear san áireamh leis an measúnú ar na rioscaí gan na spriocanna a bhaint amach sonraí agus faisnéis atá ar fáil maidir leis an tréimhse suas go dtí mí Aibreáin 2022.



Sonraí tagartha: ©ESRI

- Na Ballstáit nach bhfuil i mbaol maidir leis an dá sprioc
- Na Ballstáit atá i mbaol gan an sprioc maidir le hullmhú d'athúsáid dramhaíola cathrach agus maidir lena hathchúrsáil a bhaint amach ach nach bhfuil i mbaol maidir leis an sprioc athchúrsála dramhaíola uile ó phacáistíocht
- Na Ballstáit atá i mbaol maidir leis an dá sprioc
- Lasmuigh den chumhdach

**Fíor 1:** Ionchais maidir le Ballstáit an Aontais go mbainfidh siad amach na spriocanna maidir le hullmhú dramhaíola cathrach lena hathúsáid agus maidir lena hathchúrsáil (*Foinse: An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil*<sup>15</sup>)

#### 4. DRAMHAÍL CHATHRACH

In 2020 ghin muintir na hEorpa 521 kg dramhaíola cathrach in aghaidh an duine ar an meán, rinneadh 49 % di a ullmhú lena hathúsáid nó a athchúrsáil agus cuireadh 23 % i líonadh talún<sup>16</sup>. Tá an líon dramhaíola ag dul i méid go mall le blianta beaga anuas.

Leagtar síos oibleagáidí dlíthiúla maidir le bainistiú dramhaíola cathrach sa Treoir Réime Dramhaíola. Sula mbainfear amach an sprioc maidir le 55 % den dramhaíl chathrach a ullmhú lena hathúsáid agus í a athchúrsáil<sup>17</sup> atá le baint amach faoi 2025, ceanglaítear ar Bhallstáit sprioc 50 % a bhaint amach faoi 2020<sup>18</sup>. Áirítear sa Treoir freisin spriocanna

<sup>15</sup> <https://www.eea.europa.eu/publications/many-eu-member-states-are>

<sup>16</sup> Eurostat

<sup>17</sup> Airteagal 11(2)(a) de Threoir 2008/98/CE.

<sup>18</sup> Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh as ceithre mhodh chun an sprioc do 2020 a ríomh, lenar féidir í a chur i bhfeidhm maidir le sruthanna dramhaíola áirithe nó gach dramhaíl chathrach; tá feidhm ag na spriocanna do 2025, 2030 agus 2035 maidir le gach dramhaíl chathrach.

uaillmhianacha níos fadtéarmaí: 60 % faoi 2030 agus 65 % faoi 2035<sup>19</sup>, chomh maith le ceanglais eile amhail bailiú ar leithligh dramhaíola a chur chun feidhme agus pleananna náisiúnta bainistithe dramhaíola agus cláir náisiúnta um chosc ar dhramhaíl.

Bunaithe ar an measúnú a rinne an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus ar ghrinn- athbhreithniú ar fheidhmíocht athchúrsála agus beartais dramhaíola na mBallstát<sup>20</sup>, sainathnódh **18 mBallstát de bheith i mbaol gan an sprioc maidir le 55 % den dramhaíl chathrach a ullmhú lena hathúsáid agus í a athchúrsáil faoi 2025 a chomhlíonadh: An Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht an Rómáin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an tSualainn.**

I bhfianaise a fhad atá na Ballstáit ó sprioc 2025 agus na ndúshlán agus na staideanna sonracha atá acu, sainathnódh na **príomh-mholtaí** tír-shonracha chun feabhas a chur ar na rátaí ullmhúcháin d'athúsáid agus athchúrsála. Rinneadh é sin trí phróiseas a raibh dlúthbhaint ag na húdaráis náisiúnta leis. Má chuireann údaráis náisiúnta agus áitiúla na bearta molta chun feidhme go tapa i gcomhar leis an tionscal bainistithe dramhaíola, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh na bearta molta sin dlús suntasach le feidhmíochta athchúrsála. Tugtar achoimre sna doiciméid oibre inmheánacha a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na gníomhaíochtaí féideartha do gach Ballstát a mheastar a bheith i mbaol. Tugtar príomh- thosaíochtaí coiteanna agus dúshlán ghaolmhara sa bhosca a leanas.

Is féidir glacadh leis le réasún go soláthraítear táscaire láidir freisin leis an measúnú seo ar an mbaol atá ann nach gcomhlíonfaidh Ballstát an sprioc maidir le 60 % de dhramhaíl chathrach a ullmhú lena hathúsáid agus í a athchúrsáil faoi 2030 mura ndéanfar aon iarracht bhreise breise lena n- áirítear cur chun feidhme níos tapúla beartas agus athchóirithe a glacadh.

---

<sup>19</sup> Airteagal 11(2)(c) go dtí (e) de Threoir 2008/98/CE.

<sup>20</sup> <https://www.eea.europa.eu/publications/many-eu-member-states-are>

### **Bosca 1: Dramhaíl chathrach**

- Tá tromlach na mBallstát i ndiaidh nó tá siad i mbun **athchóirithe dramhaíola** a chur chun feidhme a mbeidh **cur chuige níos ciorclaí** dá dtoradh agus rátaí ullmhúcháin d'athúsáid agus ráta athchúrsála méadaithe sna blianta ionsar 2025 agus ina dhiaidh sin. I gcásanna áirithe áfach, tá moilleanna ina gcur i bhfeidhm ag déanamh difear díobhálach dá bhfeidhmíocht. D'fhéadfadh sé gur ghá gníomhaíochtaí sonracha mar gheall ar na dúshláin a d'eascair as **an bpaindéim COVID agus an ghéarchéim fuinnimh** chun moill maidir le cur chun feidhme athchóirithe dramhaíola náisiúnta a sheachaint.
- Is é **Bithdhramhaíl** an sruth dramhaíola is tábhachtaí ar gá gníomhaíocht ina leith, ós rud é gur 34 % den dramhaíl chathrach í ar an meán. Ba cheart fócas a thabhairt ar thabhairt isteach nó **leathnú ar acmhainneacht éifeachtach chun bithdhramhaíl a bhailiú ar leithligh agus a chóireáil**. D'fhéadfadh bainistiú fóna bithdhramhaíola úsáid bithdhramhaíola mar leasachán nó mar fheabhsaitheoir ithreach a chumasú agus chun bithghás a tháirgeadh<sup>21</sup>. Féadann sé cur go suntasach le **spriocanna aeráide** agus cuidiú **chun cuspóirí an Aontais maidir le slándáil fuinnimh agus amhábhhar criticiúil** trí leasacháin mhianracha bainte a ionadú agus sláinte ithreach a fheabhsú.
- Is réamhchoinníollacha riachtanacha le haghaidh ullmhúcháin d'athúsáid nó athchúrsála iad rátaí arda gabhála agus cáilíocht an bhailithe ar leithligh; is féidir é sin a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí trí **spriocanna maidir le bailiú ar leithligh sainordaitheach ar leibhéal cathrach**. Ba cheart a n-úsáid a bheith bunaithe ar dhreasachtaí agus ar chuntasacht (mar shampla, d'fhéadfaí córas luach saothair agus pionós airgeadais a thabhairt isteach ag brath ar fheidhmíocht na spriocanna sin).
- Tá gá ann le bearta **chun teaghlaigh a spreagadh** dramhaíl a shórtáil, lena n-áirítear minicíocht bailiúcháin níos airde le haghaidh sruthanna scartha ná le haghaidh dramhaíl mheasctha.
- Níl na Ballstáit ag baint úsáid as an réimse iomlán de **bhearta eacnamaíocha** chun líonadh talún agus loscadh dramhaíola a laghdú (cuir i gcás cánacha líonta talún agus loisthe dramhaíola) agus chun feabhas a chur ar chóireáil dramhaíola atá bainteach leis na céimeanna níos airde d'ord na réiteach dramhaíola, amhail ullmhú d'athúsáid nó athchúrsáil (cuir i gcás scéimeanna íoc mar a chaitheann tú uait, scéimeanna aisíocaíochta éarlaise).
- Ní mór do Bhallstáit an bhearna infheistíochta a líonadh lena n-áirítear trí úsáid éifeachtach a bhaint as cistí an Aontais chun bonneagar dramhaíola a fhorbairt, **bonneagar a thacaíonn le cosc, athúsáid agus feidhmíocht athchúrsála a fheabhsú**.
- Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh maidir le **dramhaíl neamh-athchúrsáilte a chosc**. Ní dhearna roinnt Ballstát athbhreithniú go fóill ar a **glár náisiúnta um chosc ar dhramhaíl**. Tá coinne leis go dtabharfar an t-athbhreithniú i gcrích faoi 2023.

<sup>21</sup> <https://www.eea.europa.eu/publications/biowaste-in-europe>

- Tá **Gníomhaíochtaí múscaillte feasachta** fíor- riachtanach chun rannpháirtíocht saoránach i mbainistiú dramhaíola níos fearr a fheabhsú. Is féidir iad a chur in oiriúint do spriocghrúpaí éagsúla (amhail teaghlaigh, mic léinn, nó turasóirí).

## 5. DRAMHAÍL Ó PHACÁISTÍOCHT

In 2020 gineadh thart ar 79.6 milliún tona iomlán dramhaíola ó phacáistíocht san Aontas<sup>22</sup>. Tháinig méadú seasta ar an meánráta foriomlán athchúrsála pacáistíochta san Aontas idir 2005 agus 2016 (67.6 % in 2016) cé tharla laghdú beag idir 2016 agus 2020 (64 % in 2020)<sup>23</sup>. Thairis sin, tháinig fás 15 % ar an líon dramhaíola ó phacáistíocht a gineadh idir 2013 agus 2020 ar fud an Aontais, rud a thugann le fios go bhfuil gá ann le tuilleadh oibre maidir le cosc ar dhramhaíl.

Leagtar síos oibleagáidí dlíthiúla maidir le bainistiú dramhaíola ó phacáistíocht sa Treoir maidir le Pacáistíocht. Áirítear orthu siúd sprioc athchúrsála 65 % maidir le gach dramhaíl ó phacáistíocht atá le baint amach faoi 2025 agus agus spriocanna ábhar- shonracha maidir le páipéar agus cairtehlár, gloine, alúmanam, plaisteach agus adhmad. Ceadáítear do na Ballstáit suas le 5 faoin gcéad de na spriocanna a bhaint amach tríd an sciar den phacáistíocht díolacháin in-athúsáidte a chuirtear ar an margadh den chéad uair agus a athúsáidtear mar chuid de chóras chun pacáistíocht a athúsáid, agus a mhéid a bhaineann le pacáistíocht adhmaid, deisiú le haghaidh athúsáide a chur san áireamh go hiomlán. Áirítear sa Treoir spriocanna athchúrsála uailmhianacha níos fadtéarmaí: 70 % faoi 2030 maidir le gach pacáistíocht agus spriocanna ábhar- shonracha maidir le páipéar agus cairtehlár, gloine, alúmanam, plaisteach agus adhmad<sup>24</sup>.

Tríd is tríd, de réir an mheasúnaithe a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil<sup>25</sup>, sainaithníodh go raibh **10 mBallstát i mbaol gan an sprioc maidir le 65 % den dramhaíl ó phacáistíocht a athchúrsáil faoi 2025 a chomhlíonadh: An Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Ghréig, an Ungáir, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic.**

Ina theannta sin, meastar go bhfuil roinnt Ballstát i mbaol gan sprioc amháin de na spriocanna ábhar- shonracha nó níos mó a chomhlíonadh, agus **plaisteach** ar an ábhar is criticiúla:

|                  |                                                                                                                                                                                                                                               |
|------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Plaistigh        | <b>An Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Danmhairg, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Spáinn</b> |
| Gloine           | <b>An Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Ghréig, an Ungáir, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Rómáin</b>                                                                                                               |
| Alúmanam         | <b>An Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Ghréig, Málta, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Spáinn</b>                                                                                                                             |
| Miotail feiriúil | <b>An Chróit, an Danmhairg, Málta, an Phortaingéil agus an Rómáin</b>                                                                                                                                                                         |

<sup>22</sup> Eurostat

<sup>23</sup> Eurostat

<sup>24</sup> Airteagal 6(1), pointí (h) agus (i) den Treoir 94/62/CE.

<sup>25</sup> <https://www.eea.europa.eu/publications/many-eu-member-states-are>

|                    |      |                                                     |
|--------------------|------|-----------------------------------------------------|
| Páipéar cairtchlár | agus | <b>An Chróit, Málta, an tSlóvaic agus an Spáinn</b> |
| Adhmad             |      | <b>An Chróit agus Málta</b>                         |

Sainithníodh sa mheasúnú roinnt neamhréireachtaí sna sonraí pacáistíochta a thuairiscigh Ballstáit áirithe, rud a thugann le fios go bhféadfadh sé go ndéantar méideanna pacáistíochta a cuireadh ar an margadh a thearcthuairisciú. Anuas air sin, leis an ríomh nua ar fheidhmíocht athchúrsála, ceanglaítear ar na Ballstáit é a chur i bhfeidhm ó 2020 ar aghaidh, mar tá coinne leis go mbeidh rátaí athchúrsála roinnt pointí céatadán níos ísle le tuairisciú mar gheall ar thuairisciú bliantúil ar ghiniúint dramhaíola ó phacáistíocht agus ar athchúrsáil<sup>26</sup>. An tráth céanna, i gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtiocfaidh méadú ar na córais athúsáide, beidh orthu spriocanna athchúrsála níos ísle a bhaint amach.

Le réamh-athbhreithniú ar shonraí maidir le dramhaíl ó phacáistíocht le haghaidh na bliana tagartha 2020 a bhailigh Eurostat, tugadh le fios gur bailí i gcónaí an measúnú ar na Ballstáit i mbaol gan na spriocanna a bhaint amach. Tháinig laghdú beag foriomlán ar na rátaí athchúrsála (léirigh na Ballstáit áfach, patrúin an- éagsúil, tháinig méadú ar fheidhmíocht roinnt acu agus laghdú ar roinnt eile acu). Ina theannta sin, ní féidir fós ag an gcéim seo na hathruithe a chur i leith cúiseanna sonracha ar bhealach soiléir mar gheall ar fheidhmiú roinnt tosca, go háirithe cur i bhfeidhm an mhodha ríomha nua le haghaidh feidhmíocht athchúrsála agus éifeachtaí na paindéime COVID.

Tá breac- chuntas ar ghníomhaíochtaí féideartha sna doiciméid oibre inmheánacha a ghabhann leis an tuarascáil seo is féidir a dhéanamh chun laghdú suntasach a chur i gcrích ar an mbaol nach gcomhlíontar na spriocanna maidir le dramhaíl ó phacáistíocht. Tá roinnt tosaíochtaí ábhartha coiteanna sainaitheanta i mBosca 1 thuas atá ábhartha freisin don phacáistíocht. Leagtar amach i mBosca 2 thíos dúshláin agus tosaíochtaí sonracha maidir le pacáistíocht.

<sup>26</sup> Tugadh isteach le Treoracha (AE) 2018/850 agus 2018/851 rialacha ríomha nua lena gceanglaítear an athchúrsáil a thomhas ag an bpointe ina dtagann dramhaíl ó phacáistíocht isteach in oibriocht athchúrsála. Ceadaítear leis na rialacha roimhe seo, a léiríodh sna staitisticí suas go dtí 2019 agus le haghaidh roinnt Ballstát go dtí 2020, an dramhaíl ar fad a bhailítear ar leithligh a thuairisciú mar dhramhaíl athchúrsáilte.

## **Bosca 2: Dramhaíl ó phacáistíocht**

- Tá feabhsuithe leanúnacha maidir le bailiú ar leithligh fós fíor- riachtanach chun feidhmíocht athchúrsála a fheabhsú. Is é an bealach is fearr chun feabhsuithe maidir le bailiú ar leithligh a fháil ná meascán de sciar mór an daonra a bheith cumhdaithe ag córais bailithe ar leithligh an- áisiúil, scéimeanna aisíocaíochta éarlaise a chur i bhfeidhm agus boscaí bruscair do bhailiú ar leithligh a thabhairt isteach in áiteanna poiblí agus tráchtála agus feachtas feasachta.
- Tá sé deacair d'fhorhóir na mBallstát an sprioc maidir **pacáistíocht phlaisteach** a bhaint amach. Is féidir aghaidh a thabhairt air sin trí chórais bhailithe ar leithligh do phlaisteach a fheabhsú, agus acmhainneachtaí sórtála agus cóireála plaistigh a mhéadú.
- Trí dhlús a chur leis na **hiarrachtaí chun córais athúsáide le haghaidh pacáistíochta a bhunú**, beidh tairbhí comhshaoil ann agus cuideofar leis na Ballstáit spriocanna an Aontais maidir le hathchúrsáil pacáistíochta a chomhlíonadh.
- Is minic a bhíonn **neamhréireachtaí i sonraí pacáistíochta** ag formhór na mBallstát a mbíonn feidhmíocht níos laige acu ó thaobh athchúrsála de. Léiríonn sé sin go bhféadfaí tearcathuairisciú a dhéanamh ar an méid pacáistíochta a chuirtear ar an margadh, rud a fhágann go bhfuil staidreamh míchruinn agus go bhféadfadh sé nach mbeadh freagracht leathnaithe iomlán ar tháirgeoirí as bailiú, sórtáil agus athchúrsáil dramhaíola a mhaoiniú.
- Is féidir go ndéantar tionchar na bhfeabhsuithe i gcleachtais bhainistithe agus i mbonneagar a shaobhadh sna sonraí tuairiscithe trí **chur i bhfeidhm na rialacha ríomha nua** is infheidhme ón mbliain 2020. Ní féidir tionchar na rialacha ríomha nua a mheasúnú fós, ach léirítear íslíú tionchair de roinnt pointí céatadáin sna sonraí tuairiscithe ag roinnt Ballstát le haghaidh 2020.

## **6. LÍONADH TALÚN**

Tá líonadh talún ar an rogha cóireála dramhaíola is lú fabhar. Ceanglaítear leis an Treoir maidir le Líonadh Talún<sup>27</sup> ar Bhallstáit líonadh talún de dhramhaíl chathrach a laghdú chuig uasmhéid 10 % faoi 2035 agus tugtar isteach léi cosc ar líonadh talún le dramhaíl bhailithe ar leithligh, lena n- áirítear dramhaíl in- bhithmhíllte.

Cé gur tháinig laghdú seasta ar mhéideanna dramhaíola cathrach arna gcur i líonadh talún san Aontas ina iomláine go dtí 2016 (ag titim 18 % le linn na tréimhse 2013- 2016<sup>28</sup>), ní raibh an treocht ó 2017 go 2020 líneach, agus cuireadh thart ar 53.5 milliún tona dramhaíola cathrach i líonadh talún in 2020. Ina theannta sin, bhí an meánráta de dhramhaíl chathrach a cuireadh chuig líonadh talún fós ag 23 % in 2020. Tá difríochtaí suntasacha ar fud an Aontais fós,

<sup>27</sup> Airteagal 5(5) de Threoir 2018/850

<sup>28</sup> Eurostat:

áfach: in 2020 **chuir 8 mBallstát níos mó ná 50 % de dhramhaíl chathrach** i líonadh talún fós, le trí acu ag tuairisciú rátaí **os cionn 70 %**.

Tá 13 Bhallstát san iomlán fós i bhfad ón sprioc d'uasmhéid 10 % dramhaíola cathrach a chur i líonadh talún a bhaint amach faoi 2035<sup>29</sup>: **An Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Ghréig, an Ungáir, an Laitvia, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, agus an Spáinn.**

Tá gá le tuilleadh airde a dhíriú ar an bhfad chuig an sprioc agus éilítear leis bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme, fiú má tá gá ann an riosca nach gcomhlíonfar na spriocanna a bhunú le níos mó cinnteachta.

Fuarthas freisin i staidéar a rinneadh le haghaidh an Choimisiúin<sup>30</sup> nach raibh 15 Bhallstát ag comhlíonadh go hiomlán na hoibleagáide a leagtar síos sa Treoir<sup>31</sup> maidir le dramhaíl a chóireáil roimh líonadh talún.

D'ainneoin feabhsuithe suntasacha ó glacadh an Treoir maidir le Líonadh Talún agus dúnadh roinnt láithreán líonta talún neamhchomhlíontach ar fud an Aontais, tá an líon láithreán líonta talún nach bhfuil **i gcomhréir le ceanglais** na Treorach Réime Dramhaíola agus na Treoracha maidir le Líonadh Talún fós ina ábhar imní. Ag deireadh 2021, **bhí 1995 líonadh talún neamhdhleathacha nó faoi bhun caighdeáin fós ag oibriú** agus nár mhór iad a athshlánú nó a oiriúnú do chaighdeáin an Aontais<sup>32</sup>.

## 7. DEA- CHLEACHTAIS

Tá dúshlán choiteanna ag na Ballstáit maidir le bainistiú dramhaíola agus aimsíodh agus cuireadh chun feidhme roinnt mhaith réiteach cheana. Meastar gur tosaíocht é comhroinnt leathan réiteach den sórt sin. Tá sé d'aidhm ag an tuarascáil seo roinnt dea- chleachtas i mbainistiú dramhaíola cathrach agus dramhaíl ó phacáistíocht ó gach Ballstát a shainaithint, agus forbhreathnú a sholáthar ar thionscnaimh agus bearta rathúla ar féidir a macasamhail a dhéanamh i dtíortha eile agus cuidiú a thabhairt do na Ballstáit na spriocanna a bhaint amach.

Leis na dea- chleachtais a bailíodh tugtar aghaidh ar réimse leathan ábhar a bhaineann le bainistiú dramhaíola, amhail rialachas, bailiú ar leithligh, lena n-áirítear i gceantair iargúlta, comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha, athúsáid agus cosc ar dhramhaíl, cóireáil dramhaíola, cumarsáid agus múscailt feasachta, ionstraimí eacnamaíocha a chur chun feidhme, agus scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora.

## 8. CONCLÚIDÍ

Tá feabhas suntasach ar bhainistiú dramhaíola á spreagadh ag reachtaíocht dramhaíola an Aontais, rud a chuireann le spriocanna cíorclaíochta an Aontais agus le spriocanna an Aontais maidir le truailliú nialasach. Tá sé ríthábhachtach áfach, go gcuirfear chun feidhme ina

<sup>29</sup> <https://www.eea.europa.eu/publications/many-eu-member-states-are>

<sup>30</sup> Milieu (2017), 'Study to assess the implementation by the EU Member States of certain provisions of Directive 1999/31/EC on the landfill of waste [Staidéar chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme Bhallstát an Aontais forálacha áirithe den Treoir 1999/31/CE maidir le líonadh talún le dramhaíl]'.

<sup>31</sup> Airteagal 6(a) den Treoir maidir le Líonadh Talún.

<sup>32</sup> Tá an figiúr sin bunaithe ar an líon láithreán líonta talún neamhdhleathacha nó faoi bhun caighdeáin atá faoi réir nósanna imeachta leanúnacha sáraithe.

hiomláine an reachtaíocht sin ionas go mbainfidh an tAontas amach an lántairbhe comhshaoil agus eacnamaíoch a bhaineann le geilleagar níos glaine agus níos ciorclaí agus go rachaidh sé in iomaíocht i saol ina bhfuil acmhainní ag éirí níos teirce de réir a chéile. Tá géarghá le tuilleadh iarrachtaí i bhfianaise an mhéadaithe shuntasaithe sa dramhaíl ó phacáistíocht, an laghdú teoranta ar ghiniúint dramhaíola iomláine (4 % idir 2010 agus 2020) ar an truailliú de dheasca bruscar plaisteach mairí, agus treocht réasúnta chobhsaí ann maidir le dramhaíl chathrach iarmharach, agus na nithe sin is cúis leis an mbaol maidir le baint amach na spriocanna i dtaca le truailliú nialasach faoi 2030<sup>33</sup>.

Léirítear dul chun cinn leanúnach sna Ballstáit i dtuarascálacha luathrabhaidh an Choimisiúin ar dhramhaíl agus i ngníomhaíochtaí eile chun comhlíontacht a chur chun cinn, cé go bhfuil leibhéil éagsúla feidhmíochta acu. Maidir leis an Aontas ina iomláine tháinig méadú ar an meánráta ullmhúcháin dramhaíola cathrach lena hathúsáid agus athchúrsála dramhaíola cathrach thar an tréimhse 2010- 2020, cé gur tharla sé go mall (ó 37 % go dtí thart ar 47 %), agus tá laghdú suntasach tagtha ar líonadh talún, ó 31 % go dtí thart ar 23 %. Sainithníodh bearnaí, moilleanna agus dúshláin thromchúiseacha, áfach, agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu go pras.

Is féidir dul chun cinn maith a dhéanamh má dhéanann na Ballstáit lena mbaineann beart chun na bearta a shainithnítear sa tuarascáil seo agus sna doiciméid inmheánacha oibre atá i gceangal leis, a bhaineann go sonrach le tíortha, a chur chun feidhme. Ní mór béim shoiléir ar bhithdhramhaíl agus ar dhramhaíl ó phacáistíocht a bheith mar chuid den ghníomhaíocht. Baineann borradh a chur faoi bhailiú ar leithligh le feabhas a chur ar fheidhmíocht bainistithe dramhaíola, agus is rud rí- thábhachtach é chun cáilíocht na dramhaíola a áirithiú agus a hathchúrsáil a chumasú. I gcomhthreo leis sin, tá gá práinneach ann ullmhú le haghaidh athúsáide a mhéadú agus acmhainneachtaí cóireála dramhaíola a fhorbairt a thuilleadh maidir le sórtáil agus athchúrsáil chun dul ar aghaidh chuig céimeanna níos airde d'ord na réiteach dramhaíola.

Baineann bearta tábhachtacha eile a éilítear le feabhsú ar cháilíocht sonraí, forfheidhmiú éifeachtach na rialacha a áirithiú, agus ionstraimí eacnamaíocha feabhsaithe a chur in úsáid, amhail scéimeanna leathnaithe freagrachta táirgeoirí éifeachtúla agus cánacha líonta talún agus loiscithe dramhaíola atá oiriúnach don fheidhm. Tá siad sin uile fíor- riachtanach chun lántairbhe a bhaint as an ngeilleagar ciorclach agus reachtaíocht dramhaíola an Aontais a chomhlíonadh.

Leanfaidh an Coimisiún ag tacú leis na Ballstáit ina n- iarrachtaí cur chun feidhme. Áirítear leis sin cúnamh teicniúil, lena n-áirítear tríd an Athbhreithniú um Chur Chun Feidhme Comhshaoil<sup>34</sup>, moltaí tíre an tSeimeastair Eorpaigh<sup>35</sup>, treoraíocht maidir le bailiú ar leithligh<sup>36</sup>, malartú dea- chleachtas<sup>37</sup>, athchóirithe agus infheistíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tacaíocht airgeadais ó chistí eile an Aontais, amhail na Cistí Beartais Chomhtháthaithe (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe). Ina theannta sin, tá tionscnaimh eile á seoladh ag an gCoimisiún a chuireann le geilleagar níos ciorclaí agus le giniúint níos lú dramhaíola, amhail na tograí le haghaidh rialacháin nua maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht agus maidir leis

<sup>33</sup> [https://environment.ec.europa.eu/strategy/zero-pollution-action-plan/zero-pollution-targets\\_en](https://environment.ec.europa.eu/strategy/zero-pollution-action-plan/zero-pollution-targets_en)

<sup>34</sup> [http://ec.europa.eu/environment/eir/index\\_en.htm](http://ec.europa.eu/environment/eir/index_en.htm)

<sup>35</sup> [https://commission.europa.eu/publications/2022-european-semester-country-specific-recommendations-commission-recommendations\\_en](https://commission.europa.eu/publications/2022-european-semester-country-specific-recommendations-commission-recommendations_en)

<sup>36</sup> e.g. Treoir maidir le bailiú dramhaíola cathrach ar leithligh <https://data.europa.eu/doi/10.2779/691513>

<sup>37</sup> TAIEX- EIR Peer2Peer - [http://ec.europa.eu/environment/eir/p2p/index\\_en.htm](http://ec.europa.eu/environment/eir/p2p/index_en.htm)

an éici- dhearthóireacht do tháirgí inbhuanaithe, agus an t- athbhreithniú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Ar deireadh, agus na difríochtaí leathana i staideanna bainistithe dramhaíola á n-aithint, le Rialachas an Aontais maidir le dramhaíl tugtar an deis do roinnt Ballstát chun comhlíontacht a chur siar níos déanaí ná na spriocbhlianta faoi choinníollacha sonracha. Ba cheart breithniú go cúramach ar an rogha sin, ós rud é go mbeidh moill le buntáistí comhshaoil agus eacnamaíocha an gheilleagair chiorclaigh ag teacht as moilleanna sna hathchóirithe is gá a ghlacadh freisin, lena n- áirítear gníomhaíochtaí chun an brú ar acmhainní nádúrtha a laghdú mar aon le spleáchais ar allmhairí a laghdú.